

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú: cúnamh d'oibrithe iomarcacha



Físeán

https://multimedia.europarl.europa.eu/en/globalisation-fund-more-help-after-redundancy_N01-PUB-181205-GLOB_ev

Chun dul i ngleic le dúshláin an dhigitithe agus athrú na haeráide ar bhealach níos fearr, thug feisirí a gceadú an 16 Eanáir le hathchóiriú ar an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú.

Leis [an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú](#) tugtar tacaíocht do dhaoine a chailleann a bpost mar gheall ar [mhórathruithe struchtúracha](#) ar phatrúin trádála an domhain de bharr an domhandaithe, mar shampla má dhruidtear cuideachta mhór nó má dhéantar cinneadh monarú táirge éigin a aistriú go tír lasmuigh den Aontas, nó mar gheall ar ghéarchéim airgeadais.

Bunaíodh an Ciste siar in 2006. Is ciste dlúthpháirtíochta é a chuirtear i ngníomh i gcás éigeandála agus ar bhonn ad-hoc. Le maoiniú an chiste, cabhraítear le hoibrithe a rinneadh iomarcach poist nua a aimsiú nó a ngnólachtaí féin a bhunú.

Tuilleadh faisnéise: [Leas a bhaint as an domhandú](#)

Baineann rialacha ar leith leis an rochtain a bhíonn ag oibrithe ar airgead an chiste, mar shampla ní féidir an ciste a úsáid de ghnáth ach i gcás ina ndearnadh breis agus 500 oibrí iomarcach. Is iad na húdaráis náisiúnta nó réigiúnacha a dhéanann cásanna an chiste a bhainistiú, agus maireann gach tionscadal dhá bhliain. Ní mhaoinítear faoin gciste bearta cosanta sóisialta amhail pinsin nó sochair dhífhostaíochta.

Ó 2007, tá thart ar €630 milliún ón gciste tar éis cabhrú le 150,000 duine a bhí ag obair agus le 3,369 duine óg nach raibh i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an dhigitithe agus athrú na haeráide ar bhealach níos fearr tar éis 2020, thug feisirí a gceadú an 16 Eanáir le hathchóiriú ar an gciste. Chuir feisirí in iúl gur chóir ainm an chiste a athrú go “Ciste Eorpach um Aistriú”, agus gur cheart raon feidhme an chiste a leathnú chun cúnamh a chur ar fáil i gcás mórimeachtaí athstruchtúraithe a bhaineann leis an ndigitíú, le huathoibriú agus an aistriú go geilleagar ísealcharbóin.

Mar nach féidir an ciste reatha a úsáid ach i gcás ina ndearnadh breis agus 500 oibrí iomarcach, tá feisirí ag iarraidh an íosteorainn a laghdú go 200. Tá an-chuid oibrithe fostaithe ag gnólachtaí beaga nó meanmhéide agus má scaoiltear líon mór oibrithe chun bóthair i réigiún beag, d’fhéadfadh tionchar mór a bheith aige.

Tá feisirí ag iarraidh freisin dlús a chur faoin bpróiseas iarratais. Ag labhairt di roimh an vóta iomlánach, dúirt údar thuarascáil na Parlaiminte ar an ábhar [Maria Arena](#): “Bheadh oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta i dteideal tacaíocht a fháil ón gciste freisin.”

Tar éis vóta na bhfeisirí an 16 Eanáir, ní mór don Pharlaimint dul i mbun idirbheartaíochta leis an gComhairle agus an gCoimisiún chun teacht ar chomhaontú maidir leis na rialacha nua.

Tuilleadh faisnéise

[Comhad nós imeachta](#)

[An traein reachtach](#)

[Seirbhís Taighde na Parlaiminte](#)